

TOBHACH SAINCHÓNAITHE – Foirm DL 1

Tá Bileog Eolais a bhaineann leis an Tobhach ar fáil ar www.revenue.ie.



Comhlánaigh an fhoirm seo i mBLOCLITREACHA.

Bliain an Tuairisceáin

Cuir méideanna isteach in EURO IOMLÁNA AMHÁIN agus ná cuir cent isteach.

Sonraí Custaiméara	UPSP	<input type="text"/>
Céadainm	Sloinne	<input type="text"/>
Seoladh cuir Eircode san áireamh (más eol é)	<input type="text"/>	
Sonraí an Ghníomhaire más éagsúil ó na sonraí thuas	Uimhir TAIN	<input type="text"/>
Ainm an duine nó na cuideachta atá ag tíolacadh an tuairisceáin	<input type="text"/>	
Seoladh cuir Eircode san áireamh (más eol é)	<input type="text"/>	
Uimhir Fóin	<input type="text"/>	ríomhphost <input type="text"/>
Uimhir Thagartha an Chliant	<input type="text"/>	Uimhir DX (más infheidhmithe) <input type="text"/>
Cuir <input checked="" type="checkbox"/> sna boscaí cuí lena dheimhniú gur duine iomchuí thú (Féach nótaí 1 agus 2 ar leathanach a 3).		
Tá mé cónaitheach sa Stát sa bhliain chánach iomchuí <input type="checkbox"/>		
Tá m'ioncam domhanda don bhliain chánach iomchuí os cionn €1 milliún <input type="checkbox"/>		
Tá mo dhliteanas do cháin ioncaim na hÉireann don bhliain chánach iomchuí níos lú ná €200,000 <input type="checkbox"/>		
Tá luach margaidh níos mó ná €5 milliún (gan aird a thabhairt ar fhiacha ná eirí) ag dáta na luachála (is é sin an 31 Nollaig) ar mo mhaoin Éireannach <input type="checkbox"/>		
Measúnú um an Tobhach Sainchónaithe		
Suim an tobhaigh sainchónaithe	€	<input type="text" value="200,000"/>
Lúide creidmheas do cháin ioncaim Éireannach íoctha	€	<input type="text"/>
Glansuim iníoctha	€	<input type="text"/>
DEARBHÚ – Dearbhaím go bhfuil an t-eolas a tugadh sa tuairisceán seo, fíor agus ceart ar feadh m'eolais, faisnéise agus tuairime.		
Sínithe _____	(duine iomchuí)	Dáta _____

Tabhair do d'aire: Ní mór an tuairisceán a bheith sínithe ag an "duine iomchuí" taobh istigh de bhrí Alt 531AA den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 agus é a sheoladh chuig Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, Teach an tSáirséalaigh, Sráid Phroinséis, Luimneach, V94 R972, Éire.

RABHADH: FÉADFAIDH SÉ GO MBEIDH TÚ FAOI DHLITEANAS PIONÓIS AGUS / NÓ IONCHÚISIMH MÁ LOICEANN TÚ TUAIRISCÉAN CHEART AGUS IOMLÁN A DHÉANAMH. TABHAIR FAOI DEARA GUR CHÓIR TAIFID A CHOINNEÁIL AR FEADH TRÉIMHSE 6 BLIANA TOISC GO BHFÉADFAIDH SÉ GO N-IARRFAR ORT IAD A THÍOLACADH MÁ ROGHNAÍTEAR DO THUAIRISC CHUN SCRÚDAITHE SONRAITHE A DHÉANAMH AIR. IS É AN DÁTA DLITE LEIS AN NDLITEANAS CÁNACH A ÍOC AGUS AN TUAIRISC SEO A CHUR ISTEACH, AR AN 31 DEIREADH FÓMHAIR NÓ ROIMHE SIN TAR ÉIS NA BLIANA MEASÚNAITHE.

FIOSRUITHE

Ba chóir aon fhiosruithe maidir le dliteanas nó leis an bhfoirm seo a chomhlánú a sheoladh trí M'Fhiosruithe.

Áis teagmhála ar líne é M'Fhiosruithe a ligeann do chustaiméirí comhfhreagras leis na Coimisinéirí Ioncaim a sheoladh agus a fháil go slán seachas ríomhphost a úsáid. Más custaiméir ÍMAT thú, féadtar teacht ar M'Fhiosruithe trí **mochúrsaí**. Más custaiméir gnó thú, is trí ROS a thiocfaidh tú ar M'Fhiosruithe. Tá tuilleadh eolais ar M'Fhiosruithe ar fáil ar **www.revenue.ie/ga/online-services/services/manage-your-record/myenquiries.aspx**

Tabhair do d'aire nach bhféadann na Coimisinéirí Ioncaim ráthaíocht a thabhairt go mbeidh sonraí pearsanta agus íogaire ar bith go hiomlán slán, más rud é go seoltar iad mar ghnáth-théacs trí ríomhphost caighdeánach. Má roghnaíonn custaiméirí áirithe an bealach seo a úsáid, meastar go ghlacann siad le riosca ar bith atá i gceist.

De rogha air sin, féadtar fiosruithe a sheoladh chuig an Rannóg sna Coimisinéirí Ioncaim atá ag plé le do chúrsaí cánach.

MODH ÍOCAÍOCHTA

Tuairisceáin agus Íocaíocht

ROS - Tuairisceáin agus Íocaíochtaí

Féadann custaiméirí agus gníomhairí atá cláraithe le ROS tuairisceáin agus íocaíochtaí a dhéanamh ar líne trí ROS maidir leis an Tobhach Sainchónaithe. Nuair atá cineál íocaíochta á roghnú ar ROS, caithfidh custaiméirí cliceáil ar **Íocaíochtaí/Dearbhú Cánach** agus beidh **Tobhach Sainchónaithe** ar fáil ar an roghchlár anuas. Féadtar íocaíocht a dhéanamh ar líne le:

- cárta dochair / creidmheasa,
- dochar aon uaire – ‘Treoir Dochair Aonair’ – ag baint úsáid as cuntas bainc.

mo**Chúrsaí**

Féadann custaiméirí áis nua íocaíochtaí ar **mochúrsaí** a úsáid chun an Tobhach Sainchónaithe a íoc. Féadtar íocaíocht a dhéanamh ar **mochúrsaí** ag baint úsáid as:

- cárta dochair
- cárta creidmheasa
- dochar **aonuaire** ar a dtugtar ‘Treoir Dhochair Aonair (TDA)’ as cuntas bainc (cuntas reatha de ghnáth) a ghlacann le dochar díreach.

Chun íocaíocht a dhéanamh, ní mór do chustaiméirí clárú le haghaidh **mochúrsaí** ar dtús trí chliceáil ar an nasc Cláraigh le haghaidh **mochúrsaí** ar **www.revenue.ie**. Eiseofar pasfhocal duit nuair atá an próiseas clárúcháin comhlánaithe. Beidh Uimhir PSP agus pasfhocal de dhíth ar chustaiméirí chun íocaíocht a dhéanamh.

Ríomhaistriú Airgid

Má tá tú neamhchónaitheach, agus mura bhfuil cuntas comhlíontach le SEPA agat, féadtar íocaíocht a dhéanamh le Ríomhaistriú Airgid.

Ba chóir duit d'íocaíochtaí Ríomhaistrithe Airgid a dhéanamh leis an gcuntas seo a leanas:

Office of the Revenue Commissioners – UTD EFT – Public Bank Account

Danske Bank

Teach Idirnáisiúnta

3 Plás Mháistir an Chuain

IFSC, Baile Átha Cliath 1

BIC: DABAIE2D

IBAN: IE37DABA95159920003514

Ní mór duit d'ainm agus d'Uimhir Chláraithe a chur san áireamh le cinntiú go leithdháiltear na cistí go cruinn agus go pras ar do thaifead custaiméara.

Ná cuir aon airgead tirim iniata leis.

An tábhacht le hÍocaíochtaí Prasa

- Bí cinnte go bhfágann tú a dhóthain ama – ar a laghad trí lá – le go sroichfidh d'íocaíocht cuntas bainc na gCoimisinéirí Ioncaim faoin dáta dlite.
- Gearrtar muirear úis ar thobhach a íoc go déanach.
- Má loictear an tobhach a íoc, nó é a íoc in am, féadfaidh sé go ndéanfar bailiú forfheidhmiúcháin tríd an Sirriam, imeachtaí Cúirte nó Fógra Astaithe.

Tá costais ag baint le forfheidhmiúcháin, sa bhreis ar aon ús a ghearrtar.

NÓTAÍ

1. Is éard is ciall leis an téarma “maoin Éireannach” ná gach sócmhainn atá suite sa Stát agus atá faoi úinéireacht thairbheach duine aonair ar dháta na luachála (is é sin an 31 Nollaig) seachas scaireanna i gcuideachtaí trádála/sealbhaíochta áirithe. Ciallaíonn an téarma “ioncam domhanda” ioncam comhlán duine aonair, agus neamhaird a dhéanamh ar dhíolúintí, faoisimh agus asbhaintí seachas íocaíochtaí a rinneadh faoi shocrúithe áirithe cothabhála. Tá tuilleadh eolas ar fáil ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim ar www.revenue.ie.
2. Maidir le haon mhaoín arna haistriú ar an 18 Feabhra 2010 nó dá éis ag duine aonair chuig céile, páirtneir sibhialta, leanbh mionaoiseach, iontaobhas lánroghnach nó fondúireacht ar luach níos lú ná an luach margaidh, measfar, faoi réir eisceachtaí áirithe, gur leis an duine aonair atá i gceist an mhaoín sin. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim ar www.revenue.ie.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim sonraí pearsanta áirithe chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla eile mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do chuid sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna eile Rialtais agus le gníomhaireachtaí eile i gcúinsí áirithe nuair atá foráil dó seo sa dlí. Tá polasaí consanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim agus eolas maidir le do chearta cosanta sonraí ar fáil ar www.revenue.ie.